



Faoiseamh le haghaidh Micreaghrúdlanna ar Cháin Táirgí Alcóil

Deimhniú Incháilitheachta faoi Alt 78A den Acht Airgeadais 2003

Sonraí Coimeádaí Trádstórais na Grúdlainne

Ainm agus Seoladh na Grúdlainne (Eircode san áireamh)

Uimhir CBL an Choimeádaí Trádstórais:

Ainm an Choimeádaí Trádstórais:

Uimhir an Choimeádaí Trádstórais:

Uimhir an Trádstórais Cánach:

Nótaí

1. Féach ar an lámhleabhar cánach agus dleachta Riarachán & Rialú Trádstórais Chánach Cuid 2 - Grúdlanna, Micreaghrúdlanna, Déantóirí Leann Úll agus Leann Piorraí sula gcomhlánaíonn tú an fhoirm seo.
2. Comhlánaigh “Dearbhú 1” nó “Dearbhú 2” de réir mar is cuí. Tá feidhm ag Dearbhú 1 i ngach cás ach amháin i gcás ina bhfuil beoir grúdaithe ag coimeádaí trádstórais micreaghrúdlainne amháin do cheann eile faoi cheadúnas, saincheadúnas nó conradh nó socrú comhoibrithe eile.
3. Chun críocha na ndearbhuithe seo, tá an téarma “grúdlann neamhspleách” le forléiriú de réir Alt 78A(4) den Acht Airgeadais, 2003 (arna chur isteach le halt 63 den Acht Airgeadais 2005 agus leasaithe ag Alt 73 den Acht Airgeadais 2008, Alt 51 Acht Airgeadais (Uimh. 2) 2008, Alt 59 Acht Airgeadais 2014, Alt 43(1)(b) den Acht Airgeadais 2015, Alt 37 Acht Airgeadais 2016, Alt 43 den Acht Airgeadais 2019 agus Alt 43 den Acht Airgeadais 2022).
4. Tá an dearbhú le bheith sínithe ag:
 - (A) coimeádaí trádstórais na grúdlainne
nó
 - (b) duine údaraithe ag coimeádaí trádstórais na grúdlainne.
5. Féadtar pionóis throma a bheith tabhaithe ag duine ar bith a dhéanann aon ráiteas nó dearbhú leis na Coimisinéirí Ioncaim, i gceangal le faoiseamh ó Cháin ar Tháirgí Alcóil, nach bhfuil fíor in aon sonra ar leith, nó aon duine a dhéanann aon doiciméad a ghéochumadh nó a fhalsú.
6. Sa chás go bhfuil éileamh á dhéanamh ag duine a bhfuil dhá mhicreaghrúdlann cháilitheacha nó níos mó acu, a tháirg le chéile suim nach mó ná 75,000 heictilítear beorach sa bhliain féilire roimhe sin, agus go n-iarrtar cóireáil mar ghrúdlann aonair, ba chóir gach ainm grúdlainne a chur san áireamh.

1(a) Dearbhú Comhréireachta - Critéir Cháilitheacha do Mhicleaghrúdlann

Dearbhaím leis seo gur grúdlann neamhspleách é an ghrúdlann thuasluaite atá suite go fisiceach leis féin amach ó aon ghrúdlann eile agus, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 20____,

- (a) gurb é _____ heictilítear an líon beorach a grúdaíodh sa ghrúdlann, agus
- (b) grúdaíodh níos lú ná 50% den chainníocht sin faoi shocrú ceadúnais, saincheadúnais nó socrú comhoibrithe le haghaidh grúdlann eile.

Síniú: _____ (Coimeádaí Trádstórais na Grúdlainne) Dáta: _____

Dearbhúag Micleaghrúdlann Cháilitheach maidir le hÚinéireacht ar Dhá Mhicleaghrúdlann nó níos mó

Dearbhaím leis seo go gcáilíonn an ghrúdlann thuasluaite agus na grúdlanna thíosluaite mar ghrúdlann amháin atá neamhspleách go dlíthiúil agus go heacnamaíoch ar aon ghrúdlann eile agus, sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 20____,

- (a) gurb é _____ heictilítear an líon beorach a grúdaíodh sna grúdlanna, agus
- (b) grúdaíodh níos lú ná 50% den chainníocht sin faoi shocrú ceadúnais, saincheadúnais nó socrú comhoibrithe le haghaidh grúdlann eile.
- (c) Nár sháraigh an chainníocht iomlán beorach in éineacht a grúdaíodh sa ghrúdlann thuasluaite agus sna grúdlanna thíosluaite 75,000 heictilítear.**

Seo a leanas ainmneacha/seoltaí na ngrúdlanna uile atá i gceist:

Ainm na Grúdlainne	Seoladh (Eircode san áireamh)

Síniú: _____ (Coimeádaí Trádstórais na Grúdlainne) Dáta: _____

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí ar fáil ar www.revenue.ie.

2. Dearbhú ar Ainmneacha Táirgeachta Bliantúla agus Micreaghrúdlanna - Beoir a ghrúdaíonn micreaghrúdlann cháilitheach amháin do mhicreaghrúdlann cháilitheach eile

Dearbhaím leis seo gur grúdlann neamhspleách é an ghrúdlann thuasluaite agus gur _____ heictilítear an líon beorach a grúdaíodh sa ghrúdlann thuasluaite sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 20____.

Dearbhaím freisin, maidir le haon bheoir a ghrúdaítear sa ghrúdlann seo faoi cheadúnas, saincheadúnas nó Conradh nó shocrú comhoibrithe eile le grúdlann amháin nó níos mó, gur

- (i) grúdlanna neamhspleácha iad na grúdlanna thuasluaite atá suite go fisiceach leo féin amach ó aon ghrúdlann eile,
- (ii) sa bhliain dár críoch 31 Nollaig 20____ nár sháraigh an chainníocht beorach a grúdaítear i ngach ceann de na grúdlanna sin 75,000 heictilítear, **agus**
- (iii) **nár sháraigh an chainníocht iomlán beorach a grúdaíodh sa ghrúdlann thuasluaite agus sna grúdlanna lena bhfuil socrú den chineál sin aige 150,000 heictilítear.**

Seo a leanas ainmneacha/seoltaí na ngrúdlann uile a bhfuil baint acu le socrúithe den chineál seo:

Ainm na Grúdlainne	Seoladh (Eircode san áireamh)

Síniú: _____ (Coimeádaí Trádstórais na Grúdlainne) Dáta: _____

Deimhniúchán - Úsáid Oifigiúil Amháin

Dearbhaím go bhfuil an dearbhú thuas ag teacht leis na taifid táirgthe, don bhliain dar críoch 31 Nollaig 20____ *, den ghrúdlann thuasluaite.

Ainm an Oifigigh (bloclitreacha): _____ Uimhir Fóin: _____

Seoladh Oifigiúil (Eircode san áireamh): _____

Síniú an Oifigigh: _____ Dáta: _____

* an bhliain a ndearnadh an dearbhú thuas ina leith.